COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 16.7.2008
SEC(2008) 2119

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

***Doiciméad a ghabhann leis an***

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le scéim Éicilipéid Comhphobail**

# ***ACHOIMRE FHEIDHMITHEACH AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA***

{COIM(2008) 401 leagan deireanach}
{SEC(2008) 2118}

# Achoimre Fheidhmitheach

De réir Airteagal 20 den Rialachán maidir le hÉicilipéad[1], ní foláir athbhreithniú a dhéanamh ar scéim Éicilipéid an AE atá i bhfeidhm ó 1992 agus ní foláir don Choimisiún aon leasuithe iomchuí ar an Rialachán a mholadh.

Is iad cuspóirí ginearálta na scéime táirgíocht agus tomhaltas inbhuanaithe táirgí, agus soláthar agus úsáid inbhuanaithe seirbhísí a chothú, trí thagarmharcanna a leagan síos le haghaidh dea-fheidhmíochta comhshaoil. Trí bhíthin tomhaltóirí a threorú chucu, ba chóir go gcuirfeadh an tÉicilipéad na táirgí agus seirbhísí sin a chomhlíon na tagarmharcanna seo chun cinn i gcomórtas le táirgí agus seirbhísí sna catagóirí céanna. Is gá gur féidir an scéim Éicilipéid a úsáid mar chuid dhílis agus éifeachtúil de chreat beartais um Thomhaltas agus um Tháirgíocht Inbhuanaithe an Choimisiúin Eorpaigh, creat beartais atá níos leithne agus a nascfaidh go maith le hionstraimí eile, amhail Soláthar Poiblí Glas, an scéim um eiceabhainisteoireacht agus iniúchóireacht (EMAS) agus an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht.

Thosaigh próiseas an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe iarmharta i leith Éicilipéid i bhFeabhra 2002, le seoladh staidéir mheastóireachta mhórscála ar Éicilipéad[2]. Sa bhreis ar an athbhreithniú, rinneadh líon áirithe comhairliúchán le geallsealbhóirí, a chríochnaigh le comhairliúchán poiblí ar líne ag tús 2006, agus léirigh a dtorthaí go soiléir go bhfuil gá le hathruithe suntasacha ar an Rialachán Éicilipéad. Léiríonn an measúnú iarmharta nach bhfuil an scéim atá ann faoi láthair in ann a cuspóirí a bhaint amach de dhroim easpa feasachta faoin lipéad agus toisc nach bhfuil mórán den lucht tionscail á ghlacadh de bharr próiseas agus bainistíochta atá rómhaorlathach.

Déantar trí phríomhrogha nó trí mhacrarogha a mheas sa mheasúnú iarmharta seo: leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige atá ann faoi láthair; deireadh a chur leis an scéim de réir a chéile; nó modhnuithe a dhéanamh ar an scéim. Laistigh den rogha deiridh déantar roinnt anailíse ar micrearoghanna agus ansin meastar iad mar phacáiste beart ina bhfuil na modhnuithe is fearr ar an scéim. Tar éis anailís a dhéanamh ar iarmhairtí, glacadh leis an rogha deiridh seo. Dá bhrí sin, moltar an pacáiste beart seo a leanas chun an scéim a mhodhnú agus a shimpliú:

- An Rialachán a dhearadh ionas go luífidh sé níos fearr le gníomhartha eile an Choimisiúin i ndáil le táirgíocht agus tomhaltas inbhuanaithe eile;
- Raon feidhme an lipéid a fhairsingiú;
- Bearta a thabhairt isteach chun comhchuibhiú a spreagadh le scéimeanna eile i gcomhair éicilipéadú: Critéir Éicilipéid an AE mar chaighdeán d'éicilipéid eile; nós imeachta mear chun critéir a d'fhorbair na scéimeanna éicilipéid náisiúnta a ghlacadh;
- Níos mó grúpaí táirgí / forbairt níos tapa critéar;
- Teimpléad a thabhairt isteach le haghaidh doiciméad critéar chun a áirithiú go mbeidh siad níos soláimhsithe don úsáideoir;
- Treorú maidir le Soláthar Poiblí Glas a ionchorprú i bhforbairt critéar;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1980/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 maidir le scéim leasaithe dámhachtana éicilipéid Comhphobail (http://ec.europa.eu/environment/ecolabel/pdf/regulation/001980_en.pdf)

[2] http://ec.europa.eu/environment/ecolabel/revision_en.htm

- Na nósanna imeachta um measúnú agus um fhíorú a shimpliú agus an táille bhliantúil a dhíothú;
- Athbhreithniú piara le haghaidh Comhlachtaí Inniúla;
- Borradh a chur faoin margaíocht.

Trí bhíthin an scéim seo a mhodhnú agus a shimpliú, is féidir bheith ag súil leis, ar an taobh amháin, go dtiocfaidh meadú suntasach ar líon na gcuideachtaí a úsáidfidh an lipéad, agus mar sin méadú ar na táirgí le hÉicilipéad a bheidh ar an margadh agus, ar an taobh eile, go méadófar líon na dtomhaltóirí atá ar an eolas faoi tháirgí Éicilipéadaithe agus atá sásta iad a cheannach, agus freisin go méadófar úsáid critéir Éicilipéid an AE agus soláthar poiblí ar siúl. Beidh an tÉicilipéad níos oiriúnaí i gcomhair lucht déanta beartais, go háirithe laistigh de chreat an Phlean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus um Tháirgíocht Inbhuanaithe, agus beidh sé ina thagarmharc agus ina uirlis faisnéise úsáideach maidir le feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus seirbhísí.

Beidh iarmhairtí eacnamaíocha agus comhshaoil na scéime ag brath ar rath an Éicilipéid agus beidh sé seo ag brath, i measc tosca eile, ar cé chomh maith is a chomhordófar í le hionstraimí beartais eile a dhírítear ar nuálaíocht a chur chun cinn i bhfeidhmíocht saolré táirgí. Leis na gníomhartha atá le teacht ón gCoimisiún maidir le Tomhaltas agus Táirgíocht Inbhuanaithe, scrúdófar modhanna chun réimse ionstraimí beartais a úsáid ar bhealach comhtháite agus comhordaithe chun a n-éifeacht ina n-iomláine a uasmhéadú i dtaca le hidir nuálaíocht agus díolachán táirgí a fheidhmíonn níos fearr a chur chun cinn. Toisc gur chuid den phacáiste ionstraimí seo é an tÉicilipéad, ní foláir a iarmhairt a bhreithniú mar chuid de.

Baintear de thátal as an measúnú iarmharta seo, go bhféadfar glan-tairbhí eacnamaíocha do gheilleagar an AE a bheith ag Éicilipéad modhnaithe, agus é ina ionstraim dheonach, agus go méadófar an iomaíocht agus an t-iomaíochas araon. Dá bhrí sin oibríonn an tÉicilipéad leis an margadh agus – lena chur chuige simplithe – tá sé gan locht mar ionstraim beartais "rialú níos fearr".